**SCEIDEAL 3**
**FÓGRAÍ FORORDAITHE**

*Foirm uimhir 1* *Airteagal 19*

*FÓGRA LÁITHREÁIN*
*(féach na treoracha ar an gcéad leathanach eile maidir le comhlánú na foirme seo)*

AINM AN ÚDARÁIS PLEANÁLA [1]
**FÓGRA LÁITHREÁIN**

Tá sé de rún agamsa, ____________________[2], cur isteach ar chead / chead coinneála / chead imlíneach / chead de dhroim cead imlíneach a dheonú (luaigh Uimhir Thagartha an cheada imlínigh)[3] le haghaidh forbairt ar an suíomh seo.

______________________________________________________________[4]

Is éard a bheidh/atá[5] i gceist leis an bhforbairt ná

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________[6]

Is féidir an t-iarratas pleanála a iniúchadh nó a cheannach, ar tháille nach mó ná costas réasúnta a chóipeála, ag oifigí an údaráis pleanála le linn a n-uaireanta oscailte poiblí.

Is féidir aighneacht a dhéanamh nó tuairim a thabhairt don údarás pleanála i leith an iarratais, i scríbhinn, ach an táille fhorordaithe €20 a íoc i rith na tréimhse cúig seachtaine dar tús an dáta a fhaigheann an t-údarás an t-iarratas. Déanfaidh an t-údarás pleanála na haighneachtaí agus na tuairimí seo a bhreithniú agus cinneadh á dhéanamh acu faoin iarratas. D'fhéadfadh an t-údarás pleanála cead a dheonú, pé acu faoi réir coinníollacha nó gan choinníollacha, nó d'fhéadfadh sé cead a dhiúltiú.

Sínithe ag: _________________________[7]

Dáta ar a cuireadh an fógra láithreáin seo in airde: ______________________[8]

## TREORACHA MAIDIR LE COMHLÁNÚ NA FOIRME SEO

1. Ba chóir ainm an údaráis pleanála chuig a ndéanfar an t-iarratas pleanála a lua anseo.

2. Ba chóir ainm an té atá ag déanamh iarratais ar chead **(agus ní ainm a g(h)níomhaire)** a lua anseo.

3. Scrios de réir mar is cuí. Is iad a leanas na cineálacha ceada is féidir cur isteach orthu –
   (a) cead,
   (b) cead coinneála,
   (c) cead imlíneach,
   (d) cead de dhroim cead imlíneach a dheonú. Más amhlaidh gurb é seo an cineál ceada atá á lorg, ba chóir uimhir thagartha an cheada imlínigh chuí ar an gclár pleanála a lua.

4. Ba chóir suíomh, baile fearainn nó seoladh poist na talún nó an struchtúir lena mbaineann an t-iarratas a lua anseo.

5. Scrios de réir mar is cuí. Ba chóir an aimsir láithreach a roghnú sa chás gur cead coinneála atá á lorg.

6. Ba chóir cur síos gonta ar chineál agus ar mhéid na forbartha a thabhairt anseo. Ní mór na sonraí a leanas a lua mar chuid den chur síos sin –
   (a) sa chás go mbaineann an t-iarratas le forbairt a bhaineann i bpáirt nó go hiomlán le soláthar tithe, luaigh líon líon na dtithe atá le cur ar fáil. Áirítear le 'tithe' foirgnimh atá deartha le 2, nó breis is 2, áitreabh, árasán, nó áit chónaithe de chineál eile suite in aon fhoirgneamh amháin.
   (b) sa chás go mbaineann an t-iarratas le struchtúr a choinneáil, luaigh an cineál úsáide a bhfuil sé beartaithe a bhaint as an struchtúr, agus má bhaineann sé le hábhar, a fhad is atá i gceist an struchtúr a choinneáil.
   (c) sa chás go mbaineann an t-iarratas le forbairt a bhaineann go hiomlán nó i bpáirt le hoibreacha ar struchtúr atá faoi chosaint, nó ar struchtúr atá beartaithe a chur faoi chosaint, tabhair an méid sin le fios.
   (d) sa chás go bhfuil ráiteas tionchair timpeallachta ullmhaithe i leith an iarratais pleanála, tabhair an méid sin le fios.
   (e) sa chás go mbaineann an t-iarratas le forbairt a bhaineann go hiomlán nó i bpáirt le gníomhaíocht a mbeidh ceadúnas um rialú comhtháite ar thruailliú, nó ceadúnas dramhaíola, de dhíth air, tabhair an méid sin le fios, nó
   (f) sa chás go mbaineann iarratas pleanála le forbairt a bhaineann le bunachas a chur ar bun nó le mionathruithe a dhéanamh ar bhunachas a thagann faoi scáth na brí leagtha amach i gCuid 11 de na Rialacháin seo (Treoir um Mórthionóiscí), tabhair an méid sin le fios.

7. Ba chóir síniú an iarratasóra, nó síniú agus seoladh teagmhála an duine atá ag gníomhú thar ceann an iarratasóra, a chur isteach anseo.

8. Ba chóir an dáta ar a gcuirtear an fógra in airde nó ar a socraítear ar an láithreán é a chur isteach anseo.